C/2026/4073

23.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12530 — ATLAS HOLDINGS / KPS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4073)

1. An 14 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Atlas FRM LLC ('Atlas Holdings', na Stáit Aontaithe),

— KPS Capital Partners, LP ('KPS', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Atlas Holdings agus KPS rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuabhunaithe trí ghnólachtaí áirithe atá ann cheana agus atá ina bpunanna acu a chur leis an gcomhfhiontar nuabhunaithe sin de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháidí é Atlas Holdings. Is le Atlas Holdings agus a chistí cleamhnaithe punann cuideachtaí atá gníomhach ar fud raon earnálacha tionsclaíocha agus monaraíochta agus is iadsan a oibríonn an phunann sin. Tá Atlas Holdings gníomhach sna Stáit Aontaithe sa tionscal ceallraí agus stórála fuinnimh trí Edison Group, lena n-áirítear na cuideachtaí atá le cur leis an gcomhfhiontar nuabhunaithe: Stryten Energy LLC, Element Resources DE LLC, agus Motrex LLC agus a bhfochuideachtaí faoi seach (na Stáit Aontaithe gach ceann acu),

— Is cuideachta infheistíochta príobháidí é KPS a dhéanann infheistíochtaí cothromais urlámhais i gcuideachtaí monaraíochta agus tionsclaíocha ar fud réimse éagsúil tionscal. Tá rialú indíreach ag KPS ar C&D Technologies Inc. (na Stáit Aontaithe), cuideachta atá gníomhach i monarú agus i soláthar réiteach agus seirbhísí ceallraí agus stórála fuinnimh le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha agus tráchtála, agus atá le cur leis an gcomhfhiontar nuabhunaithe.

3. Cuimseoidh gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair nuabhunaithe gníomhaíochtaí Edison Group agus C&D Technologies Inc, cuideachtaí a chuirfear leis an gcomhfhiontar nuabhunaithe, i.e. beidh sé gníomhach i monarú réiteach ceallraí agus stórála fuinnimh agus i soláthar seirbhísí ábhartha. Tá coinne leis go ndéanfar gníomhaíochtaí an chomhfhiontair go príomha sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, i Meicsiceo agus sa tSín, in éineacht le gníomhaíochtaí níos teoranta sa chuid eile den domhan, lena n-áirítear LEE.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12530 — ATLAS HOLDINGS / KPS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË